**Amhrán na Trá Báine**

1

Mo mhíle slán leat Éirinn bhocht,
Nár dheas é an tEarrach fhéin
Ní raibh caint ar obair bossannaí
Ná rud ar bith mar é
Ach seal ag tarraingt fheamainne 'cur fhataí
Is ag bain fhéir
Is ní raibh fear ar bith dhá bhoichte
Nach raibh feilm aige fhéin.

2

Is faraor ghéar nár cailleadh mé
An lá ar baisteadh mé go hóg
Sul ar fágadh mo chaon aonair mé
Gan féideach an bhéil bheo
Níl dearthair is níl deirfiúirín a'am
Is níl mo mháthairín beo
Is tá m'Athair fhéin lag éalannach
Is a Chríost cén t-ionadh dhó.

3

Mo dhíomadh do na curachaí
Is mo bheannacht do na báid
Mo dhíomadh-sa don fharraige 'tá thiar
Ins an Trá Bháin
Sí bhain mo cheathrar dearthár dhíom
A raibh an fheilm acu ann,
Ach is cuma leis an gCeallach é,
'Sé fhéin atá ina n-áit.

Le tacaíocht ó

4

Báthadh Peaits is Tom orm is bhí
  Caitheamh mór a’m ‘na ndiaidh
Mo dheartháir eile Máirtín bocht
  A báthadh fadó ‘riamh
Sé Micil Bán ba mheasa liom dhá bhfaca
  Mé beo ‘riamh
Ach mo dhíomadh don toinn bháite
  ‘Sí d’fhága mé ‘na ndiaidh.

5

Nach suarach an tslí ar chaill mé sibh
  A dheartháireacha mo chroí
Ag dul go Gaillimh i gcurrachaín,
  Dhá gcur ó mhaoím go maoím,
Dá bhfanainnse sa mbaile agaibh
  An gealladh a bhain sibh dhíom,
Go deo ní chuirfí clár uirthi
  Go bhfaighfinnse malairt saoir.

6

Is d’fhágadar an chaladh amach
  Ar maidin leis an lá
Dia linn agus Muire nach iad a chuaigh
  Sa ngábh
Níl blas ar bith dár cheannaíodar
  Nár tháinig don Trá Bháin
Tháinig na maidí ar an duirling
  Is an churrach ar an trá.

***Bróna Ní Cheallacháin a rinne an cheardlann seo***

Le tacaíocht ó
the arts council an chomhairle ealaíon
ciste na healaíona traidisiúnta
artscouncil.ie
An Góilín